

Litir Phastúireach ó Chomhdháil
Easpag Caitliceach Éireann

samhail 08

Barrshamhail don Oideachas Caitliceach in Éirinn



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
COMHDHÁIL EASPAG CAITLICEACH ÉIREANN



Litir Phastúireach ó Chomhdháil
Easpag Caitliceach Éireann

samhail 8

Barrshamhail don Oideachas Caitliceach in Éirinn

Cincís
Bealtaine 2008



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
COMHDHÁIL EASPAG CAITLICEACH ÉIREANN

An Scoil Chaitliceach in Éirinn

Cén fáth an litir seo anois?



Ábhar plé duthrachtach sa tír, thuaidh agus theas, le tamall is ea an t-oideachas agus go háirithe beart na hEaglaise Caitlicí san oideachas ar gach leibhéal. Is práinnede an plé sin an bhreis iolrachais, idir chultúir agus creidimh, i muintir na tíre. Is sa chomhthéacs ilghnéitheach dúshlánach seo nach foláir obair na scoile a dhéanamh. Spreagann sin ceisteanna úra agus éilíonn freagraí nua ar sheancheisteanna. Cén fáth scoileanna Caitliceacha a bheith ann in Éirinn an lae inniu? Cad is bua ar leith dá leithéid? Cén chomaoin a chuireann siad ar an phobal agus ar an chóras ar chuid chomh sainsiúil de iad? Is ar an chúlra seo a b'áil linn an tuiscint a léiriú atá againn do nádúr agus do chuspóir na scoile Caitlicí in Éirinn inniu. Agus an tsamhail seo den scoil Chaitliceach á cur i láthair againn, b'áil linn freagairt a bhrostu iontu siúd atá páirteach san oideachas inár dteannta.

“Feáchann scoileanna Caitliceacha le scáthántacht a dhéanamh ar shamhail sainsiúil de shaol an duine agus ar fhealsúnacht oideachais atá ag teacht leis sin.”

Saol daonna iomlán

Cé gurb iomaí sin tréith atá i gcoiteann acu le scoileanna eile a chuireann seirbhís don phobal ar fáil, féachann scoileanna Caitliceacha le scáthántacht a dhéanamh ar shamhail ar leith de shaol an duine agus ar fhealsúnacht oideachais atá ag teacht leis. Tá an méid seo bunaithe ar Shoiscéal Íosa Críost. Tuigeann an Soiscéal an domhan a bhfuilimid beo ann mar rud a chruthaigh Dia. Mar phearsana daonna, táimid cruthaithe i gcosúlacht Dé agus an bheatha shíoraí i gcomhluadar Dé is dán dúinn. Is é atá sa saol oilithreach ar lorg Íosa, arb é “an tslí, an fhírinne agus an bheatha” (Eoin 14: 6) ¹.

Tháinig sé inár measc, mar adúirt sé féin, “chun go mbeadh an bheatha againn agus go mbeadh sí againn go fial” (Eoin 10:10). Séard a éilíonn an méid sin, ní amháin an forás daonna is iomláine is féidir, ach fós dóchas i gcóir an tsaol atá le teacht. Is ionann é agus súil a choinneáil ar iomláine na beatha sin i gcomhluadar Dé nach críoch di agus a thugann ciall don bheatha dhaonna ar fad. Is ionann é freisin agus a adhmáil nach aon “alltar de chuid na samhlaíochta” an bheatha shíoraí, ach gurb ann di mar a dtugtar grá do Dhia agus mar a sroicheann a bheatha san fad linne.” ²

Is cuspóir don oideachas Caitliceach cuidiú le gach ball den aos léinn a acmhainn iomlán mar dhuine daonna a thabhairt in éifeacht. Déanfaidh sé sin trínár ndaltaí a ullmhú agus a réiteach le haghaidh na hiomláine beatha sin, trí iomlán beochta a chur ar a gcumas. Is ionann oideachas agus an phearsa ar fad a fhorbairt. Cineál oideachais nach dtugann faoi bhuncheisteanna shaol an duine a réiteach, ní féidir a rá gurb í an fhorbairt sin is cúram dó. Trí oideachas a chur ar a ndaltaí in



gach toise dá saol i gcomhréir leis an Soiscéal, féachann scoileanna Caitliceacha, ní amháin le saol daonna gach dalta ar leith a chlaohlú, ach fós tríothusan an pobal i gcoitinne a gcuideoidh siad lena chruthú.

Is cuid iad na Scoileanna Caitliceacha de mhisiún leanúnach na hEaglaise chun teachtaireacht Chríost agus an bheatha atá inti a sheachadadh do gach glúin daoine. Is é sin a thugann brí agus comhaontacht d'fhealsúnacht oideachais na hEaglaise Caitlicí. Do Chríostaithe, is sa chreideamh in Íosa Críost atá comhlíonadh na daonnachta agus fuascailt na sochaí le fáil, agus i bhfónamh do dhaoine eile ar a aithris siúd. Is mian le scoileanna Caitliceacha timpeallacht phobail a chruthú atá oscailte, sócúlach, spreagúil agus mómhar do chách, mar a bhféadann daoine óga raon iomlán a n-acmhainní agus a dtalann a fhorbairt go stuama staidéarach fairsing. Feáchann siad le daltaí a mhúnlú chun beatha shonasach a mhaireachtáil agus cumas ceannaireachta barántúil a chur ar fáil don phobal. Cuirfidh siad an méid sin i gcrích trí shuáilce Chríostaí a mbeatha, trína dtíolachtaí a úsáid gan féinspéis don leas coiteann agus tríd an dúthracht a chaitheann siad d'fhonn pobal daonna a chruthú ar mó an chóir, an chomhaontacht agus an cúram atá ann.

An Creideamh an Bhunsraith

Agus an saeclárachas ag fás ar fud an bhaill, is de shainchomharthaí na scoileanna Caitliceacha an creideamh i rúndiamhair tharchéimnitheach Dé mar fhoinsé a bhfuil ann agus mar bhunchiall bheith-ann an duine dhaonna. Ní hé gurb é an creideamh seo is ábhar do cheachtanna scoile áirithe ach gurb é is bunsaith do gach a ndéanaimid agus is raon radhairc le gach a dtarlaíonn sa scoil. An traidisiún Caitliceach a bhfuil na scoileanna ina gcuid de, tá sé arna shaibhriú de shíor ar feadh na gcéadta bliain de mhachnamh agus d'fhorás. Ní hé amháin go bhforálann sé oidhreacht luachmhar chríonnachta dar ndaltaí, ach tugann sé dóibh ina theannta sin stuaim, bunús brí leis an saol agus riail treorach dá saol féin le linn athruithe cultúrtha agus soisialta atá mear mearbhlach.

Is mór riamh leis an oideachas Caitliceach an réasún, idir intleachtúil agus praiticiúil. I leanúnacht do na traidisiúin is ársa san Eaglais, is luachmhar leis saothrú na beatha intleachtúla inti féin. Tuigeann sé go bhfuil an smaoineamh réasúnach agus an anailís eolaíoch riachtanach d'fhorás na teicneolaíochta agus do phrógras an duine. Mar sin, is cuid tábhachtach den oideachas staidéar na heolaíochta agus na teicneolaíochta. Os a choinne sin, cuireann sé suas do na tuairimí cúnga meicníocha úd den réasúnaíocht arb ionann leo fírinne agus an méid is féidir leis an eolaíocht a chruthú, arb ionann leo prógras an duine agus an méid is féidir leis an teicneolaíocht a chur i gcrích. A chontráil sin, creideann sé nach foláir cothrom réasúnta a choinneáil san oideachas idir na saorealaíona agus an teicneolaíocht. Ní mór creideamh agus réasún a shamhlú ina bpáirtithe beoga sa tóraíocht úd ar lorg tuisceana agus féinchoimplíonadh a chuirtear chun cinn i scoileanna Caitliceacha.

“Is mian le scoileanna Caitliceacha timpeallacht phobail a chruthú atá oscailte, sócúlach, spreagúil agus mómhar do chách”



Oideachas Creidimh agus Urnaí

Cuid bhunúsach den churaclam i scoileanna Caitliceacha is ea teagasc an chreidimh, arb é is cuspóir dó tuiscint don chreideamh a chomhfhortú agus a dhoimhniú, agus is é is croí dó. Is é a thoradh sin go dtugann scoileanna Caitliceacha am agus acmhainní suas do theagasc an chreidimh i dtús áite.

Trína dtuiscint dá gcreideamh a shlánchóiriú in éineacht lena dtaithí ar an saol mar a léirítear dóibh é in ábhair eile, cuirtear ar a gcumas dár ndaltaí a gcuid féin a dhéanamh dá gcreideann siad agus freagairt do ghríosú Naomh Peadar: “Bígí réidh i gcónaí le cosaint a dhéanamh in aghaidh aon duine a iarrann oraibh bonn a thabhairt leis an dóchas atá ionaibh” (1Pead 3:15). San am céanna, agus iad ag géilleadh a neamhspleáchais do gach brainse den léann, is cuidiú dóibh é chun ilghnéitheacht na n-ábhar sa churaclam a thabhairt le chéile trína mbreathnú faoi léas an chreidimh, agus chun iad a fheiceáil mar radhairc éagsúla ar dhomhan “atá luchtaithe le mórmhaise Dé” (Gerard Manley Hopkins).

Cuid is ea é den chóras teagasc i scoileanna Caitliceacha cabhrú leis na daltaí chun tuiscint a fháil dóibh féin, agus friotal urnaí a aimsiú a léireoidh an tóraíocht sin ar Dhia is croí do shaol an duine. Tá i gcroílár bheatha na scoile Caitlicí dúthracht do Dhia san urnaí agus ceiliúradh an liotúirge agus na sacraimintí, “doirse na sácráilteachta”. Is é an creideamh is bunrúta dó sin, agus is é is inspioráid dó an alltacht i láthair rúndiamhair tharchéimnitheach Dé agus í arna foilsíú in áilleacht ilghnéitheach na cruinne. Cuid bhunúsach is ea é den bhféintuiscint Chaitliceach gnáthchúrsaí an tsaoil a bhrath mar chomharthaí sacraimintiúla ar Dhia i mbun oibre sa

domhan. An bhraistint sacraimintiúil seo, cuireann sé ar a gcumas do dhaltaí iad féin a fheiceáil mar stíobhaird ar chruthaíocht Dé, agus a bheith feasach ar an bhfreagracht atá orthu i leith éiceolaíocht an dúlra agus na timpeallachta.

Pearsana Daonna a Fhorbairt

Cuid de thuiscint an Chríostaí don phearsa dhaonna is ea an ghairm chun iomláine na beatha agus chun na beatha síoraí (féach Eoin 10:10). Is é an phearsa dhaonna uile sa chiall seo is lárphointe do dhícheall oideachais na scoile Caitlicí. Is é is misiún dó cabhrú le daltaí chun breis muiníne agus measa orthu féin agus chun a ndaonnacht féin a thabhairt in éifeacht. Ba chóir dó dúshraith a leagan síos le haghaidh forás agus dóchas ar feadh a saoil, saor ó ainbhios agus ó gach a mbacann eascairt na daonnachta. Scáthántacht ar an tosaíocht seo a thugtar do fhorbairt phearsanta gach dalta is ea an chaoi a n-eagraítear raon leathan imeachtaí a bhfuil curaclam na scoile agus saol an phobail áitiúil comhpháirteach iontu.

Cuid de mhisiún na scoile Caitlicí is ea é freastal go híogair agus go héifeachtach ar riachtanais na ndaltaí go léir. Féachtar, le muinín agus le cúram pastúireach oilte, le tacaíocht a thabhairt dóibh le linn anacair

“Dúthracht do Dhia san urnaí agus ceiliúradh an liotúirge agus na sacraimintí, ‘doirse na sácráilteachta’, tá sin i gcroílár bheatha na scoile Caitlicí”

“Is é an Soiscéal is inspioráid don oideachas Caitliceach agus modh aige dá thairbhe sin do shaoirse agus do dhínit gach duine daonna.”

na mblianta agus iad ag teacht in inmhe. Tionlacan é seo ar mór a thábhacht in uair na héigeandála, na caille nó na teipe. Is amhlaidh sin a chabhráitear le daltaí i ndeacrachtaí na linne agus a ullmhaítear iad do bhroid an tsaoil.

Oideachas don Saol

Is é an Soiscéal is inspioráid don oideachas Caitliceach agus modh aige dá thairbhe sin do shaoirse agus do dhínit gach duine daonna. Múineann sé do dhaltáí conas aithint idir olc agus maith ina saol pearsanta féin agus ina gcoibhneas le daoine eile. Féachann sé le tualaing cách a fhorbairt chun machnaimh agus freagairt do na fadhbanna mórálta, ar minic deacair ilchodach iad, atá romhainn mar dhaoine aonair agus mar phobal. Déanann sé amhlaidh faoi léas an tSoiscéil agus thraidisiún saibhir na bprionsabal Caitliceach mar le modh don bheatha, dílseacht phearsanta, fírinneacht agus slánchúis choinsiasa. Cuid lárnach de dhícheall na scoile Caitlicí atá ann na buanna sin na slánchúise pearsanta agus an chóraiste mhorálta is comharthaí sóirt do phearsantacht bharántúil Chríostaí. Ní miste do mhúinteoirí Caitliceacha a chur ina luí ar na daltaí gur leas daoine eile a tugadh a gcuid cumas dóibh agus ní ar mhaithe leo féin amháin. Fuair said de ghairm fónamh do dhaoine eile, go háirithe dóibh siúd a bhfuil bochtaineacht nó aon chinéal éagóra á fulaingt acu.

Ag teacht sa chaoi sin ar an oideachas, soláthraítear forás san eolas réalaíoch, dúthracht agus bá inár leith féin, agus tuiscint don saol a bhfuilimid beo ann. Áit é an domhan a bhfuil fórsaí agus luachanna ag trasnáil ar a chéile sa tsochaí dhaonna, mar a bhfuil maitheas mhór, suáilcí móra agus gaisce mhór déanta, ach mar a bhfuil struchtúirí éagóracha ann atá in a dtoradh ar pheacúlacht an duine agus ar boichtede daoine daonna dá ndeasca. Feádaimid go léir, idir dhaoine aonair, pobail, institiúidí (an Eaglais san áireamh), a bheith comhchiontach ann. Is é is dúshlán dúinn



sinn féin a thoirbhirt as an nua d'idéalta an oideachais Chaitlicigh a chur i ngníomh i saol laethúil na scoileanna, ionas go bhfeidhmeoidh ár ndaltaí faoi chóir agus slánchúis sa saol éalangach seo, nuair a thagann ann dóibh.

Oideachas san Idirthréimhse seo

Is feasach go maith dúinn na heaspaí a bhí ar roinnt dár n-institiúidí oideachais san am atá thart. Ní móide sin, áfach, is dual dúinn dearmad a dhéanamh ar na tuismitheoirí agus ar na hoidí dúthrachtacha sin a shaothraigh ar feadh na nglúnta, in anchaoi agus ar easpa acmhainní, agus go minic ar bheagán cabhrach ó mhaoin an stáit. Ba iad sin na sagairt, na bráithre, na mná rialta agus na tuataí, foireann teagaisc agus riaracháin ár scoileanna, a d'fheidhmigh mar iontaobhaithe, bainisteoirí nó i bpostanna eile, faoi mhórchroí agus ar bheagán cúitimh. D'ainneoin deacrachtaí agus laincisí, d'éirigh leo oideachas a chur ar fáil do na glúnta páistí a mbeadh sé ceilte orthu ina n-éagmais.

In imeacht na haimsire, bhí an Eaglais in ann comhoibriú leis an Stát ar bhealaí éagsúla chun oideachas a chur ar fáil ar gach leibhéal. Tá dhá scór bliain ann anois ó cuireadh oideachas iar-bhunscoile ar fáil d'aos óg Phoblacht na hÉireann ar fad nuair a tugadh isteach, in 1967, saoroideachas agus, nuair a ba ghá, córas iompair chun na scoile.



Oideachas chun Barr Feabhais

I láthair na huaire, leanann scoileanna Caitliceacha lena dtóraíocht ar bharr feabhais san oideachas, ar neamhchhead don éileamh ar ábhair úsáideacha phragmatacha, rud a thugann tús áite do chuspóirí tánaisteacha ar leas na pearsan. Creidimid gur cúis dochair don bhfíoroideachas is ea an róbhéim ar iomaíocht, ar aird róchúng ar scrúduithe agus an speisialtóireacht róluath ar chúrsaí áirithe.

Táimid cinnte gurb í an chomaoin is fearr is féidir dar scoileanna Caitliceacha a chur ar an chóras oideachais i gcoitinne an tóraíocht ar bharr feabhais le linn fanacht dílis dár mbarrshamhail agus dár modh oibre féin. Cuid lárnach den chomaoin seo is ea é oidí oilte gairmiúla, iad eolach agus dúthrachtach i leith na féiniúlachta Caitlicí, a sholáthar.

Oideachas agus Pobal

Le linn dóibh eascairt shainphearsantacht gach dalta a bhrostú, aithníonn scoileanna Caitliceacha “nach féidir oideachas a thabhairt in éifeacht ach amháin i gcomhthéacs na gcoibhneas pearsana agus pobail.”⁴ Feicimid sa scoil mar bheadh fairsingiú ar chomhluadar an teaghlaigh, í ina scáthántacht agus ina cúltaca maidir le luachanna an teaghlaigh Chaitlicigh, agus ag géilleadh do bheartas na dtuismitheoirí mar phríomh-oideachasóirí a gclainne. San am céanna, is feasach an scoil í a bheith suite laistigh de chomhluadar na hEaglaise. Agus sinn meabhrach in éileamh na córa sóisialta agus an leasa choitinn, b’áil linn a bheith gníomhach laistigh den mhórchomhluadar daonna arb ann don Eaglais ar mhaithe leis, agus ina bhfuair ár ndaltaí de ghairm maireachtáil agus fónamh leis na buanna a dheonaigh Dia dóibh.

Bhí an mhéanscoil Chaitliceach ar tús cadhnaíochta chun go mbeadh rath ar an tionscnamh seo, 95% acu ag iompú ón íocaíocht lena bheith páirteach sa scéim saor. Mar an gcéanna, i dTuaisceart Éireann, soláthar oideachais iar-bhunscoile sna grammar schools agus secondary schools, tugadh in éifeacht é cuid mhór de thairbhe móríobairt ó pharóistí agus ó phobail. Is féidir roinnt mhaith de rath eacnamaíoch an oileáin le tamall a thagairt don tógáil a rinne ár scoileanna ar an bhunsraith sin. Agus líon na sagart agus an lucht rialta atá bainteach le ceannasaíocht agus le hoideachas i gcoitinne ag dul i laighead, tá mórán de na hoird rialta ag iniúchadh, ag pleanáil agus ag bunú foirmeacha nua iontaobhais. Sa tslí seo, aistrefar an fhreagracht a bhí orthu i leith na scoileanna a reachtáil siad, go hiomlán nó go páirteach, go hiontaobhais a bheidh comhdhéanta cuid mhaith de thuataí. Tá an cinneadh seo ag eascairt as an áitiús gur freagracht de chuid an phobail uile is ea an t-oideachas Caitliceach.³ Tá an uair ann le haghaidh aistriú den chineál seo, agus oidhreacht luachmhar an am atá caite á taobhú le glúin óg tuataí a bhfuil ardchumas ceannasaíochta iontu, agus iad gairmiúil agus dúthrachtach.



“Is san oideachas ... a thugann na pobail éagsúla atá ag bordáil ar a chéile ionadacht dúinn don saibhreas is comhroinnt saoil agus oidhreachta ann”

Is é an pobal máithreach an oideachais. Cuid suntasach den oideachas is ea an chaoi a dtugann na pobail éagsúla atá ag bordáil ar a chéile agus ar cuid díobh sinn mar dhaoine daonna - an teaghlach sa chéad áit - , an chaoi a dtugann siad ionadacht dúinn don saibhreas is comhroinnt saoil agus oidhreachta ann. Cuireann an t-oideachas ar chumas dúinn ceangailt i dtaithí agus in eolas an phobail, ina stair agus ina chultúr, ina luachanna agus ina chreideamh. Is cumas agus is cóir don Stát dícheall oideachais na gcomhluadar seo a éascú, ach ní mór dó a aithint i gcónaí gur saothar é a bhaineann i dtús áite leis na teaghlaigh agus na comhluadair ar chuid díobh sinn. Ní dual choíche an t-oideachas a íslíú go leibhéal chóras lena gcruthódh an Stát saoránaigh fóna, nó lena ndéanfadh an eacnamaíocht lucht táirgthe saibhris don tsochaí, nó fiú lena gcuirfeadh an eolaíocht in iúl do dhaltait torthaí úrnua a hairge. Níl aon amhras ná gur cuid den phróiseas iad seo go léir, ach is fairsinge an t-oideachas ná iad, fiú agus iad a chur i dteannta a chéile. Is é is cúram dó an phearsa iomlán, agus an pobal nó an comhluadar a mbaineann gach duine leis.

Is é is meanmarc do scoileanna Caitliceacha a bheith ina gcomhluadair dlúite comhpháirtíochá iad féin. Comhluadar na scoile, cuimsíonn sé ní amháin an t-aos foghlama agus an fhoireann teagaisc ach tuismitheoirí freisin, foireann cothabhála, baill den bhord agus aon duine eile atá ag cuidiú leis an scoil. Féachann an scoil, ach go háirithe, le oiread comhoibriú agus is féidir a

chothú leis na tuismitheoirí, agus cabhrú le teaghlaigh Chaitliceacha chun an creideamh a sheachadadh chun a gclainne.⁵ Is cúram le scoileanna Caitliceacha freisin buanfhorbairt ghairmiúil a gcuid fóirne agus traenáil agus oiliúint bhaill na mbord. An dúthracht seo i leith oiliúint ghairmiúil agus phearsanta lucht oibre na scoile, is cuid bhithriachtanach í i bhfaibhriú chomhluadar na scoile.

Scoileanna Paróiste agus an Scoil i bPáirtíocht leis an Phobal

I mórán áiteacha in Éirinn, maireann pobal an pharóiste ina lárionad don oideachas sa chreideamh, don chrábhadh agus do cheiliúradh an liotúirge. Ba é a ba thathag don bhunscolaíocht Chaitliceach in Éirinn í a bheith fréamhaithe i bpobal an pharóiste, áit a mbíonn tacaíocht agus dílseacht na dteaghlach ag dul don scoil. Slánchuid de phobal na háite is ea an bhunscoil, agus beart ar leith a imríonn sí i bhfoirgníú an phobail. Lárphointe atá inti mar a gcastar teaghlaigh ar a chéile, ag cur aithne ar a chéile, agus mar a dtugtar le chéile iad tríd an pháirt atá acu i leas a gclainne. Is fearrde a thuigeann an pobal gur leo féin gnó an oideachais, agus is móide a ndúthracht chun go mbeidh bláth agus rath air.



“Táimid ag dréim le dialóg thorthúil lena chinntiú go dtiocfaidh forbairt ar ár scoileanna sna blianta amach romhainn.”

Táthar ag féachaint le páirtíocht níos láidre a fhorbairt idir an scoil, an paróiste agus an pobal áitiúil trí struchtúirí de chineál boird bhainistíochta (nó gobharnóirí) i bhfollúnú na scoileanna. Sna bunscoileanna ach go háirithe, is mó anois an fónamh don pharóiste agus do phobal níos fairsinge atá á sholáthar ag tionscainm i dteagasc an chreidimh, in ullmhúchán na ndaltaí do na sacraimintí, agus ag cláracha oibre iarscoile (mar shampla, ‘Do This in Memory’, Early Start, Summer Schools, Home Link Projects). Is samplaí iad seo den chineál comhpháirtíochta a théann ar leas do na daltaí, dá dteaghlai agus don phobal i gcoitinne.

Pobal Iniatach

Is mór leis an oideachas Caitliceach an chaoifhulaingt agus an iniatacht. I sochaí ar mó de shíor a ilchultúir, cuireann sé fáilte roimh dhialóg mhóraigeanta le Críostaithe ó thraidisiúin eile, le daoine ó reiligiúin eile nó gan aon reiligiún, le linn dó fanacht dílis dá shainfhéiniúlacht. Tá scoileanna Caitliceacha ar oscailt do pháistí ó aon aicme chreidimh. Breathnaítear ar dhaltaí dá leithéid mar údar saibhris san oideachas a chuireann an scoil ar fáil agus mar eiseamláir phraiticiúil dá luí chun iniatachta.⁶ Go deimhin, tá na scoileanna Caitliceacha ar tús cadhnaíochta chun na “hÉireannaigh Nua” a ghlacadh chucu isteach i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna na tíre. Breathnaíonn na scoileanna ar an ilghnéitheacht seo mar áiméar chun breis comhthuisceana a chothú idir dhaoine atá ar éagsúlacht dearbhthuairimí. Téann an méid sin ar fónamh do leas coiteann na sochaí ina iomláine.

Scoil agus Sochaí

Féachann an Scoil Chaitliceach lena chur ar a gcumas dá ndaltaí an t-ionad is dual dóibh a ghlacadh sa phobal, dul i gcaidreamh le cultúr na linne, agus fónamh don saol mar is fearr is féidir leo.⁷ Gné eisintiúil den chreideamh a chur i ngníomh in gach aois is ea an caidreamh le cultúr na linne, ach

ní foláir dár ndaltaí an t-achar criticiúil is gá a choinneáil ó na gnéithe sin de chultúr na timpeallachta atá i bhfreasúra le forás fírinneach an duine agus le Soiscéal Íosa Críost, noch a tharraingíonn sinn i dtreo na beatha ina hiomláine.

Seirbhís Oideachais Chaitliceach

Is mian leis na hEaspaig, i gcomhar le hlontaobhaithe na nOrd Rialta, tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil sar i bhfad dóibh siúd atá gafa suas san oideachas Caitliceach trí Sheirbhís Oideachais Chaitliceach a bhunú le haghaidh na hÉireann uile. Féiniúlacht na scoile Caitlicí a chaomhnú, is dualgas morálta agus freagracht dlíthiúil araon é ar an Easpag mar Phátrún/ lontaobhaí, ach níl aon choinbhleacht idir sin agus an gá atá le meas ar shaoirse choinsiasa agus ar an bheart is dual do gach ball de chomhluadar na scoile.

Clabhsúr

Mar bhuille scoir, táimid ag dréim le dialóg thorthúil i dtaobh conas a chinntiú go dtiocfaidh forbairt ar ár scoileanna sna blianta amach romhainn. Is cinnte linn nach féidir sin ach ar bhunsraith na dílseachta don Soiscéal a bhfuilimid ag seirbhís dó, agus san am céanna “ag faire dúinn ar thuartha na linne,”⁸ de réir mar a nochtann na tuartha seo i riachtanais agus in éileamh an chomhluadair náisiúnta agus idirnáisiúnta ar baill díobh sinn. Ar an dóigh sin, i gcaidreamh lenár bpáirtithe uile san oideachas, cinnteoidimid go bhfanfaidh na struchtúirí, agus na scoileanna iad féin, éifeachtach, fóinteach agus dílis do bharrshamhail aiceanta na scoile Caitlicí, de réir mar a thugamar faoina leagan amach sa litir ghairid seo.

Gluais

alltar	<i>hereafter</i>
barr feabhais	<i>excellence</i>
beart	<i>role</i>
bithriachtanach	<i>vital</i>
caoinfhulaingt	<i>tolerance</i>
comhchiontach	<i>complicit</i>
comhfhortaigh	<i>confirm</i>
dúthracht	<i>commitment</i>
féiniúlacht	<i>ethos</i>
fóinteach	<i>relevant</i>
follúnú	<i>governance</i>
iniatacht	<i>inclusiveness</i>
iolrachas	<i>pluralism</i>
meanmarc	<i>aspiration</i>
mearbhloch	<i>confusing</i>
saecílárachas	<i>secularism</i>
seachad	<i>hand on</i>
slánchóirigh	<i>integrate</i>
slánchuid	<i>integral part</i>
slánchúis	<i>integrity</i>
tarchéimnitheach	<i>transcendent</i>
toise	<i>dimension</i>

Tagairtí

1. *Sa dara céad, scríobh Naomh Ireanaeus gur “glóir Dé is ea an duine daonna agus é beo go hiomlán” (In éadan Eiriciochtaí IV,20,7).*
2. *Beinidicht XVI, Spe Salvi, 31*
3. *Eascaire ar Aspalacht na dTuataí – Apostolicam Actuositatem, Vatacáin II, P. 2,5; Tuataí Caitliceacha i Scoileanna: Finnéithe don Chreideamh P.2.4. Coingreagáid Sácráilte um Oideachas Caitliceach 1982, an Róimh.*
4. *Oideachas le chéile; Scoileanna Caitliceacha: Misiún Páirteach idir Lucht Rialta agus Firéin Tuataí #12. Coingreagáid um Oideachas Caitliceach (2007).*
5. *“Agus é aitheanta aici gur ar thuismitheoirí atá an phríomhfhreagracht i leith oideachas a gclainne, féachann an Eaglais le cabhrú leo sa saothar sin. Tá de dhualgas agus de cheart ag na thuismitheoirí go léir oideachas a chur ar a gclann, ina theannta sin tá de dhualgas agus de cheart ar thuismitheoirí Caitliceacha scoileanna a roghnú is fearr a chuireann chun cinn oideachas Caitliceach a gclainne (Can.793)”. (Comhdháil Easpag Caitliceach Éireann, 2007. An Bhunscoil Chaitliceach, Polasaí Soláthair don Todhchaí, Veritas Baile Átha Cliath).*
6. *Ag Tógáil Síochána, ag Múnú na Todhchaí (Easpag Chaitliceacha Thuaisceart Éireann, 2001, Ard mhacha).*
7. *Gaudium et Spes: Coinstiúid Phastúireach ar an Eaglais sa Domhan Nua-aimseartha #1.*
8. *Gaudium et Spes: Coinstiúid Phastúireach ar an Eaglais sa Domhan Nua-aimseartha #4.*

Comhdháil Easpag Caitliceach Éireann,
Áras Columba,
Maigh Nuad,
Contae Chill Dara,
Éire.

Fón: +353 (0)1 505 3000

Facs: +353 (0)1 601 6401

Ríomhphost: info@catholiccommunications.ie

Idirlíon: www.catholiccommunications.ie